An Coimisinéir Teanga

Ráiteas an Choimisinéara Teanga maidir le bás an Dochtúra Peadar Ó Flatharta

Tá a chomhbhrón faoi bhás an Dochtúra Peadar Ó Flatharta curtha in iúl ag an gCoimisnéir Teanga.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill "Fágann bás Pheadair folús mór i saol na Gaeilge. Ba ceannródaí é i saol acadúil na Gaeilge agus i gcur chun cinn cearta teanga. Is iomaí áit go bhfuil lorg a láimhe. Thacaigh an Dr. Peadar Ó Flatharta go láidir le hOifig an Choimisinéara Teanga i gcónaí. Bhí baint lárnach aige leis an bhfeachtas chun Acht Teanga a bhunú. Ina theannta sin bhí sé an-ghníomhach i mbunú Cumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga i 2013."

Dúirt an Coimisinéir Teanga freisin "Bhí Peadar ina chabhair mhór dom agus mé ag eagrú comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisnéirí Teanga i nGaillimh níos luaithe i mbliana. Bhí aithne mhór aige ní hamháin orthu siúd atá ag plé le cúrsaí cearta teanga anseo in Éirinn ach go hidirnáisiúnta freisin. Is cailliúint mhór é do shaol na Gaeilge."

"Ba mhaith liom comhbhrón a dhéanamh lena bhean Áine agus lena chlann uilig ar mo shon féin agus ar son na hOifige."

- Críoch -

Oifig an Choimisinéara Teanga

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Gaillimh
H91 VK23

+353 (0) 91 504006
eolas@coimisineir.ie
www.coimisineir.ie
@ceartateanga.ie